

Bileog 12.1a**Fadhbanna sóisialta****Stór focal**

Déan féin agus an duine in aice leat ransú intinne ar an fhoclóir a d'úsáidfeá le labhairt faoi na topaicí seo thíos:



Ag obair le chéile breacaigí síos deich dtuairim faoi na topaicí thuas. Bígí cúramach áfach, b'fhéidir nach n-aontódh sibh le chéile agus mar sin beidh oraibh teacht ar chomhréiteach. Mar shampla:

Tusa:	Andúil i ndrugáí is cúis leis an fhoréigean ar fad sa tír seo.
Do chara:	Is iad na daoine bochta is cúis leis an fhoréigean sa tír.
Comhréiteach:	Cuireann fadhbanna drugaí agus an bochtanas go mór le foréigean sa tír seo.

Fadhbanna sóisialta**Stór focal & plé**

Féachaigí ar na focail seo a bhaineann le fadhbanna sóisialta na sochaí. Feicfidh sibh go bhfuil níos mó ná focal amháin taobh istigh de gach focal. Pléigí fréamhacha na bhfocal le chéile:

Ginmhilleadh:
 Ilchultúrachas:
 Idirdhealú:
 Ábharachas:
 Iompar frithshóisialta:

Ag obair le chéile go fóill – pléigí na ceisteanna seo le chéile:

1. Cén cineál áite a bhfuil tú féin i do chónaí inti?
2. An bhfuil aon fadhbanna sóisialta i do cheantar? Má tá, cad iad?
3. An gcuireann sé isteach ort siúl leat féin san oíche i do cheantar?

Fadhbanna sóisialta

Plé

Pléigh an pointe seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

Tugtar léargas dúinn ó shuirbhé a eisíodh inniu (20/04/09) go gcreideann tromlach mhuintir na hÉireann go bhfuil fadhb an bhruscair níos tromchúisí ná fadhbanna coiriúlachta sa lá atá inniu ann.

© Ollscoil Mhá Nuad

Bileog 12.1b**Fadhbanna sóisialta****Ceisteanna**

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoi na cleachtaí seo:

1. Déanaigí ransú intinne ar an stór focal a bhaineann leis na topaicí sna boscaí.
Sampla: **toitíní**: truailliú, costasach, ailse scamhóg *srl.*
2. Anois, roghnaigí topaicí dá chéile ó na boscaí agus cuirigí ceisteanna ar a chéile faoi na topaicí sin. Bígí cúramach áfach – níl cead agaibh ach ceisteanna a thosaíonn le ‘c’ a úsáid. Féachaigí ar na samplaí seo:

Cathain?

Cé chomh minic is?

Conas?

Cén fhad?

Cé mhéad?

Cé a rinne é?

Cad a tharla?/Céard a tharla?

Cad é mar a bhí?

Cé dó ar thug?/Cad faoi a raibh?

Cén áit?

Cén chaoi?/Cén dóigh/Cén tslí?

Cén fáth/Cad chuige?

Ná déanaigí dearmad den chlásal coibhneasta!

Toitíní	Na bóithre	Ginmhilleadh	Bruscar	Páistí
Eacnamaíocht	Lorg carbóin	Nigéarach	Cúrsaí dlí	Pionós an bháis
Gardaí Síochána	Géarchor creidmheasa	Bláthanna	Caimiléireacht	Beoir
Caitliceachas	Fine Gael	Leithcheal	An Samhradh	Príosún

Bileog 12.2a

Fadhbanna sóisialta (rólimirt)

Duine A

Beidh tú ar chlár raidió ar ball ag cur do chuid tuairimí in iúl faoi na ráitis thíos. Seo iad na pointí atá fíor fútsa:

- Séamus Ó Dónaill / Siobhán Ní Dhónaill an t-ainm atá ort.
- Is polaiteoir tú le páirtí den eite dheis.
- **Aontaíonn tú amach is amach leis na ráitis thíos.**

Féach ar na habairtí / frásaí seo a chuideoidh leat le linn na d'ospóireachta:

Tá mé go láidir den tuairim . . .	Is é mo bharúil ná . .
Tagaim go mór leis sin . . .	Is fíor go . . .
Tá seans go gcabhródh . . .	Tá gá le. . .
Teastaíonn breis . . .	B'fhiú breathnú ar . . .
Caithfear plean . . .	Ba cheart. . .

Pléigí na ráitis seo anois ar an chlár raidió:

- Is coir thromchúiseach é an striapachas.
- Ba cheart go mbeadh gunnaí ag na gardaí le dul i ngleic le coiriúlacht ar na sráideanna.
- Is é pionós an bháis an t-aon réiteach atá ar choiriúlacht na tíre seo.
- Is coir é an t-adhaltranas.
- Is amadán iad siúd a cheapann gur ealaíon é an graifítí agus ba cheart pionós géar a ghearradh orthu siúd a scriosann ár dtimpeallacht.
- Tá an iomarca timpistí uafásacha ar na bóithre – ba cheart leibhéal an alcóil san fhuil atá ceadaithe a ísliú, na teorainneacha luais a ísliú agus méid na bpointí pionóis a ghearrtar ar dhaoine a ardú.
- Is é an duine aonair atá freagrach as truailliú na timpeallachta agus ní an rialtas.
- Tá cultúr na hÉireann faoi ionsaí ag na hinimircigh atá sa tír faoi láthair.
- Is iad na hinimircigh atá ciontach as an chúlú eacnamaíochta.

- Tá fadhb an óil ag creimeadh ár sochaí – níl de rogha againn ach cáin níos airde a ghearradh ar alcól.

© Ollscoil Mhá Nuad

Bileog 12.2b**Fadhbanna sóisialta (rólímirt)****Duine B**

Beidh tú ar chlár raidió ar ball ag cur do chuid tuairimí in iúl faoi na ráitis thíos. Seo iad na pointí atá fíor fútsa:

- Brian Delap / Bríd Delap an t-ainm atá ort.
- Is polaiteoir tú le páirtí atá sa lár.
- **Aontaíonn tú go pointe le cuid de na ráitis.**

Féach ar na habairtí/frásaí seo a chuideoidh leat le linn na díospóireachta:

Tá mé idir dhá chomhairle faoi ...	Aontaím go pointe le ...
Tagaim le cuid den ráiteas ...	Níl mé cinnte go bhfuil ...
Tá seans go gcabhródh ...	Tá gá le ...
Teastaíonn breis ...	B'fhiú breathnú ar ...
Caithfean plean ...	Ba cheart ...

Pléigí na ráitis seo anois ar an chlár raidió:

- Is coireanna tromchúiseacha iad ginmhilleadh agus striapachas.
- Ba cheart go mbeadh gunnaí ag na gardaí le dul i ngleic le coiriúlacht ar na sráideanna .
- Is é pionós an bháis an t-aon réiteach atá ar choiriúlacht na tíre seo.
- Is coir é an t-adhaltranas.
- Is amadáin iad siúd a cheapann gur ealaíon é an graifítí agus ba cheart pionós géar a ghearradh orthu siúd a scriosann ár dtimpeallacht.
- Tá an iomarca timpistí uafásacha ar na bóithre – ba cheart leibhéal an alcóil san fhuil atá ceadaithe a ísliú, na teorainneacha luais a ísliú agus méid na bpointí pionóis a ghearrtar ar dhaoine a ardú.
- Is é an duine aonair atá freagrach as truailliú na timpeallachta agus ní an rialtas.
- Tá cultúr na hÉireann faoi ionsaí ag na hinimircigh atá sa tír faoi láthair.
- Is iad na hinimircigh atá ciontach as an chúlú eacnamaíochta.

- Tá fadhb an óil ag creimeadh ár sochaí – níl de rogha againn ach cáin níos airde a ghearradh ar alcól.

© Ollscoil Mhá Nuad

Bileog 12.2c**Fadhbanna sóisialta (rólimirt)****Duine C**

Beidh tú ar chlár raidió ar ball ag cur do chuid tuairimí in iúl faoi na ráitis thíos. Seo iad na pointí atá fíor fútsa:

- Antoin Mac Aoidh / Áine Nic Aoidh an t-ainm atá ort.
- Is polaiteoir tú le páirtí den eite chlé.
- **Easaontaíonn tú amach is amach leis na ráitis thíos.**

Féach ar na habairtí/frásaí seo a chuideoidh leat le linn na díospóireachta:

Easaontaím le . . .	Ní thagaim le . . .
Is olc liom a rá ach . . .	Ní féidir liom aontú leis . . .
Tá seans go gcabhródh . . .	Tá gá le . . .
Teastaíonn breis . . .	B'fhiú breathnú ar . . .
Caithfear plean . . .	Ba cheart . . .

Pléigí na ráitis seo anois ar an chlár raidió:

- Is coireanna tromchúiseacha iad ginmhilleadh agus striapachas.
- Ba cheart go mbeadh gunnaí ag na gardaí le dul i ngleic le coiriúlacht ar na sráideanna .
- Is é pionós an bháis an t-aon réiteach atá ar choiriúlacht na tíre seo.
- Is coir é an t-adhaltranas.
- Is amadain iad siúd a cheapann gur ealaíon é an graifítí agus ba cheart pionós géar a ghearradh orthu siúd a scriosann ár dtimpeallacht.
- Tá an iomarca timpistí uafásacha ar na bóithre – ba cheart leibhéal an alcóil san fhuil atá ceadaithe a ísliú, na teorainneacha luais a ísliú agus méid na bpointí pionóis a ghearrtar ar dhaoine a ardú.
- Is é an duine aonair atá freagrach as truailliú na timpeallachta agus ní an rialtas.
- Tá cultúr na hÉireann faoi ionsaí ag na hinimircigh atá sa tír faoi láthair.
- Is iad na hinimircigh atá ciontach as an chúlú eacnamaíochta.
- Tá fadhb an óil ag creimeadh ár sochaí – níl de rogha againn ach cáin níos airde a ghearradh ar alcól.

Bileog 12.2d

Fadhbanna sóisialta (rólimirt)

Duine D

Is tusa a bheidh ag cur na gceisteanna faoi na ráitis thíos ar an chlár raidió ar ball. Seo iad na pointí atá fíor fútsa:

- Pádraig Ó Conchúir / Peig Ní Chonchúir an t-ainm atá ort.
- Is tusa láithreoir an chláir.
- **Beidh tú féin ag cur ceisteanna ar na haíonna faoi na ráitis thíos.**

Féach ar na habairtí/frásaí seo a chuideoidh leat le linn na díospóireachta:

Cé air a bhfuil an locht, meas tú? An measann tú go bhfuil . . . ?	Cén réiteach atá ar an fhadhb? Ar cheart fíneálacha níos airde a chur ar dhaoine?
Nach gcuireann sé isteach ort? A Bhríd, cad é do thuairim faoi?	An dóigh leat . . . ? Cad a cheapann tusa, a Sheáin?

Pléigí na ráitis seo anois ar an chlár raidió:

- Is coireanna tromchúiseacha iad ginmhilleadh agus striapachas.
- Ba cheart go mbeadh gunnaí ag na gardaí le dul i ngleic le coiriúlacht ar na sráideanna .
- Is é pionós an bháis an t-aon réiteach atá ar choiriúlacht na tíre seo.
- Is coir é an t-adhaltranas.
- Is amadáin iad siúd a cheapann gur ealaíon é an graifítí agus ba cheart pionós géar a ghearradh orthu siúd a scriosann ár dtimpeallacht.
- Tá an iomarca timpistí uafásacha ar na bóithre – ba cheart leibhéal an alcóil san fhuil atá ceadaithe a ísliú, na teorainneacha luais a ísliú agus méid na bpointí pionóis a ghearrtar ar dhaoine a ardú.
- Is é an duine aonair atá freagrach as truailliú na timpeallachta agus ní an rialtas.
- Tá cultúr na hÉireann faoi ionsaí ag na hinimircigh atá sa tír faoi láthair.
- Is iad na hinimircigh atá ciontach as an chúlú eacnamaíochta.
- Tá fadhb an óil ag creimeadh ár sochaí – níl de rogha againn ach cáin níos airde a ghearradh ar alcól.

Bileog 12.3

Cúrsaí dlí

Léamh

Léigh an t-alt seo ón *Irish Times* leis an duine in aice leat. Tá an ghluais ann chun cuidiú libh. Le linn daoibh an t-alt a léamh an chéad uair déanaigí iarracht an leagan Gaeilge a aimsiú de na focail seo:

representative	verdict	legislation	constitutional right
judgment	criminal record	disqualified	ineligible

Nuair atá an t-alt léite agaibh uair amháin téigí siar air arís agus pléigí na pointí gramadaí a bhfuil cló dubh orthu sa téacs.

Neamhionadaíocht na ngiúiréithe ina hábhar imní

An Ghluais

ballraíocht membership

dualgas duty

éagsúlacht diversity

léaspaire luminary

neamhinroghnaithe ineligible

fíoras verdict

saoránach citizen

díolúine immunity

dúnmharú murder

inimirceach immigrant

leasú amendment

neamhionadaíoch unrepresentative

giúróirí ionchasacha prospective jurors

toghairm ghiúiré jury summons

Ceart agus cóir: 'Dá ionadaíche giúiré is ea is mó muinín an phobail as an gcóras ceartais agus dá luaithe a leasófar an dlí chun gach aicme den tsochaí a thabhairt isteach sa chóras giúiré is ea is mó an dlisteanacht a bheidh ag baint le fíoras giúiré i súile mhuintir uile na hÉireann' Le ALAN DESMOND

IS BEAG BLIAIN a imíonn thart nach ndéanann na meáin chumarsáide trácht éigin ar an éagsúlacht lochtanna is féidir a fháil ar chóras giúiré an Stáit seo. Is caint í seo a bhfuil bunús léi agus ní foláir nó gurb é an locht is mó ná a neamhionadaíche den phobal is atá giúiréithe na hÉireann. Cé **go ndearnadh** leasú suntasach ar an scéal seo i 1976 is **chun olcais** atá an neamhionadaíocht ag dul ó shin i leith.

Ba ar phíosa reachtaíochta a thug an tAire Dlí Caoimhín Ó hUiginn isteach i 1927 a bhí an córas giúiré bunaithe go dtí 1976. Mar thoradh ar dhlí Uí Uiginn ní raibh sé de cheart ag mná bheith mar chomhaltaí giúiré ar aon bhonn le fir. Bhí ar aon bhean a raibh ceart nó dualgas na seirbhíse giúiré uaithi iarratas speisialta a dhéanamh go gcuirfí **a hainm** ar chlár na ngiúróirí ionchasacha. D'fhág dlí Uí Uiginn go raibh leath de dhaonra an Stáit fágtha amach as gné thábhachtach den chóras ceartais idir 1927 is 1976. Ar na cúiseanna le díolúine seo na mban luaigh an tAire Dlí míthaitneamhacht na gcásanna a tháinig **os comhair na gcúirteanna** agus an uimhir theoranta leithreas a bhí ar fáil do mhná a mbeadh orthu feitheamh sna cúirteanna.

Ach níorbh é ballraíocht den chineál fireann amháin a chinnteodh seans chun suí ar an mbinse giúiré roimh 1976. Sula mbeadh fear in inmhe seirbhís ghiúiré a chomhlíonadh sa bhliain 1975 bheadh air talamh nó áitreabh ar luach is mó ná £18 bheith aige.

I gcás a tháinig os comhair na gcúirteanna sna 1970í d'áitigh **beirt bhan**, an gníomhaí Máirín de Búrca agus an t-iriseoir Mary Anderson, go mba chóir do ghiúiré bheith ionadaíoch den phobal. Ba cheart bunreachtúil é seo dar leo agus ní fhéadfadh giúiré bheith ionadaíoch den phobal dá mbeadh liosta na ngiúróirí ionchasacha teoranta d'fhir mhaoineacha. I mbreithiúnas a eisíodh i 1975 tháinig an Chúirt Uachtarach leis an mbeirt bhan. Bhí **breithiúna céimiúla na Cúirte Uachtaraí** den tuairim go raibh **an dá ghné theorantacha** de reachtaíocht Uí Uiginn in aghaidh an Bhunreachtas toisc gur mhill siad faoi ionadaíocht an ghiúiré agus an bhliain dár gcionn ritheadh reachtaíocht leasaithe tríd an Oireachtas, mar atá Acht na nGiúiréithe 1976.

Ó 1976 ar aghaidh mar sin tá toghairm ghiúiré **á fáil** ag fir **idir shaibhir is dhaibhir** agus ag mná idir óg is aosta. Ach fós féin tá giúiréithe neamhionadaíoch agus is ar an reachtaíocht leasaithe atá roinnt mhaith den mhilleán. Faoi Acht 1976, mar shampla, tá a lán daoine a bhfuil taifead coiriúil acu dícháilithe le haghaidh seirbhíse giúiré. Anuas air sin, ní féidir le lear mór daoine a bhfuil baint acu leis an gcóras ceartais fónamh mar ghiúróirí. I bhfocail an Achta féin, tá dlíodóirí cleachtas agus comhaltaí den Gharda Síochána "neamhinroghnaithe le haghaidh seirbhíse giúiré".

Mar aon leis na mílte daoine nach ligtear dóibh fónamh mar ghiúróirí tá na mílte eile a bhfuil sé de cheart acu iad féin a shaoradh ó sheirbhís ghiúiré. Tá an ceart seo ag dochtúirí, fiaclóirí, tréidlianna, reiligiúnaigh, mic léinn lánaimseartha, léachtóirí agus grúpaí nach iad. An bhfuil aon chiall in aon chor ag baint le ceart den saghas seo a bhronnadh ar na dreamanna seo? Is léir mar sin, **in ainneoin an bhua thábhachtaigh** a fuair de Búrca agus Anderson breis is 30 bliain ó shin, nach féidir a rá go fírinneach go bhfuil giúiréithe ionadaíoch den phobal.

NÍ DEACAIR tuiscint don bhreitheamh Rory O' Hanlon agus tuairim á nochtadh aige i 1999 gurbh iad na haicmí den phobal is mó a bhfuil a n-ionadaithe le fáil ar ghiúiréithe ná mná tí agus an lucht dífhostaithe. Ach tá a slite féin ag na haicmí seo chun éalú ó dhualgas (nó ó cheart) na seirbhíse giúiré. Cé nach mbíonn ach daréag ar aon ghiúiré amháin déantar toghairm ghiúiré a sheirbheáil ar ghrúpa líonmhar daoine. Agus gach duine a fuair toghairm tagtha chun na cúirte roghnaítear giúiré óna measc.

Bhí mé féin i láthair i gcúirt breis is uair amháin agus giúiré á roghnú agus breis is uair amháin chuir bean mheánaicmeach mheánaosta in iúl don chúirt go raibh laethanta saoire thar lear curtha in áirithe aici. **Scaoileadh** léi ar an toirt, gan aon cheist bhreise a chur uirthi agus gan oiread na fríde de fhianaise a lorg a chruthódh go raibh laethanta saoire pleanáilte i ndáiríre. Cén chuid den phobal mar sin atá á hionadú ag giúiréithe? Agus cé hiad na daoine a shuíonn orthu? Tá ráite ag léaspaire éigin nár mhaith leis bheith á thriail agus an fíoras ag brath ar dháréag nach raibh de chlisteacht iontu seirbhís ghiúiré a sheachaint. Ach an mó an ciniceas nó an fhírinne atá le brath ar an gciúta seo?

Chun an bonn a bhaint ó pé fírinne atá ann caithfear grúpaí éagsúla a thabhairt isteach sa chóras giúiré. Dá laghdófaí ar oiread na ndaoine atá dícháilithe, neamhinroghnaithe agus saortha de cheart ón tseirbhís ghiúiré, bheadh giúiréithe na hÉireann curtha ar bhóthar na hionadaíochta. Ach tá rud bunúsach amháin eile a chruthaíonn giúiréithe nach bhfuil ionadaíoch. Is ó chlár na dtoghthóirí Dála a roghnaítear giúróirí ionchasacha, rud a fhágann gur beag an seans go ndéanfar toghairm ghiúiré a sheirbheáil ar aon duine de na céadta míle inimirceach atá tagtha go hÉirinn ón Afraic is ó lár na hEorpa le breis is **deich mbliana** anuas.

Tarlaíonn, ar ndóigh, go dtagann Polannaigh, Nigéaraigh agus eachtrannaigh nach iad os comhair na gcúirteanna. Agus iad á dtríail ag Éireannaigh amháin an féidir a mhaíomh go bhfuil siad á dtríail ag giúiré atá ionadaíoch den phobal? Níor chóir, mar sin, bheith ag brath ar chlár na dtoghthóirí Dála amháin agus giúróirí ionchasacha á lorg. Nach bhféadfaí dul **i muinín bhunachar na nUimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP)**, mar shampla? Chiallódh sé sin go mbeadh giúróirí ionchasacha á roghnú ó sciar i bhfad níos ionadaíche den phobal.

Ach dá mbeadh dúnmharú curtha i leith eachtrannaigh, abair, tá gach seans nach mbeadh comhthíreach ná aon eachtrannach eile ar an ngiúiré a thriailfeadh é, fiú dá mbainfí úsáid as foinsí cosúil leis an UPSP. I Sasana na 12ú haoise bhí sé de cheart ag Giúdaigh a bhí á dtríail giúiré bheith acu ar a mbeadh leath na ngiúróirí ina n-eachtrannaigh. Más luachmhar linn prionsabal na hionadaíochta, níor mhiste sampla gaoiseach na Sasanach meánaoiseach a chur i bhfeidhm anseo.

Dá ionadaíche giúiré is ea is mó muinín an phobail as an gcóras ceartais agus dá luaithe a leasófar an dlí chun gach aicme den tsochaí a thabhairt isteach sa chóras giúiré is ea is mó an dlísteacht a bheidh ag baint le fíoras giúiré i súile mhuintir uile na hÉireann, idir shaoránaigh is inimirceigh nuathagtha. Tá sé ríthábhachtach, ar ndóigh, nach bhfágfaí easnamh áiseanna leithris ar ghiúróirí, go háirithe giúróirí mná, mar go mba leor de leithscéal é sin giúiréithe neamhionadaíocha a chosaint.

Cúrsaí dlí

Plé

Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An raibh tú féin mar chomhalta giúiré riamh? Mura raibh, ar mhaith leat a bheith?
2. Cad a cheapann tú féin - an mbíonn an giúiré ionadaíoch den phobal anseo in Éirinn?
3. Ar cheap tú go raibh an t-alt seo deacair? An mbíonn teanga an dlí deacair de ghnáth, dar leat?
4. An saothraíonn dlíodóirí an iomarca airgid, dar leat?
5. Tháinig cúpla ceist shóisialta eile chun cinn san alt seo - cad iad?

Cúrsaí dlí

Teanga

Féach féin agus an duine in aice leat ar na nathanna cainte seo a bhí san alt:

Ar aon bhonn le In inmhe rud a dhéanamh

Cuirigí na nathanna cainte eile seo a bhfuil na focail ‘bonn’ agus ‘inmhe’ iontu in abairtí lena mbrí a léiriú:

Seas ar do bhoinn féin
Bhain sé as na boinn é
Bonn ar bhonn
Neart agus inmhe shaolta
Teacht in inmhe

Tá mé ar mo bhoinn arís
Láithreach bonn
Gan phingin, gan bhonn
Dul in inmhe
In inmhe oidhreachta

